TAGAIRT: **CDT-AD5-2024-01**
SPEISIALTÓIR PRÓISEÁLA TEANGA NÁDÚRTHA
GRÁD: **AD5**
ROINN: **AN ROINN TACAÍOCHTA AISTRIÚCHÁIN**
ÁIT FOSTAÍOCHTA: **LUCSAMBURG**

Bunaíodh Ionad Aistriúcháin Chomhlachtaí an Aontais Eorpaigh (an 'tIonad Aistriúcháin') sa bhliain 1994 chun seirbhísí aistriúcháin a chur ar fáil do na comhlachtaí éagsúla de chuid an Aontais Eorpaigh. Is i Lucsamburg atá sé lonnaithe. Tá méadú suntasach tagtha ar ualach oibre an Ionaid ó bunaíodh é agus tá thart ar 200 ball foirne fostaithe ann anois.

Chun freastal ar riachtanais na Roinne Tacaíochta Aistriúcháin, agus go háirithe riachtanais na Rannóige um Ard-Réitigh Teanga, tá nós imeachta roghnúcháin á eagrú ag an Ionad Aistriúcháin d'fhonn liosta ionadaithe a thiomsú[1] chun gníomhaire sealadach a earcú[2] mar Speisialtóir Próiseála Teanga Nádúrtha don Roinn Tacaíochta Aistriúcháin.

CINEÁL NA gCÚRAIMÍ

Agus é/í ag tuairisciú go díreach do Cheann na Rannóige um Ard-Réitigh Teanga, beidh an t-iarrthóir a roghnófar freagrach as na tascanna seo a leanas a chomhlíonadh:

- Feidhmchláir próiseála teanga nádúrtha (NLP) a chur chun feidhme, a mheasúnú agus a chothabháil, lena n-áirítear córais ríomhaistriúcháin (MT) ach gan bheith teoranta dóibh sin amháin.
- Píblínte sonraí a fhorbairt, a fheabhsú agus a chothabháil, lena n-áirítear foinsí sonraí atá ann cheana a bhaint, a ghlanadh, a chlaochlú agus a mhapáil.
- Caighdeáin agus modhanna tionscail a ghlacadh agus a chomhtháthú chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht na n-iarratas NLP, lena n-áirítear anailís agus tuarascálacha iarrachtbhunaithe.
- Turgnaimh a dhéanamh chun cumais reatha NLP a leathnú agus a bharrfheabhsú, go háirithe i dtaobh oiriúnú agus mionchoigeartú fearainn.
- Tacaíocht a chur ar fáil agus a chinntiú go gcloítear le dea-chleachtais maidir le pacáistiú agus coimeádánú feidhmchlár NLP i gcomhar le foirne TF eile.
- Doiciméadú teicniúil agus nósanna imeachta a dhréachtú maidir le cothabháil, imscaradh agus úsáid na gcomhpháirteanna agus maidir le córais a d'fhorbair an fhoireann.
- Tionscadail theicniúla a threorú ó thús go deireadh agus modheolaíochtaí caighdeánacha á leanúint, lena n-áirítear pleanáil tascanna, cumarsáid, tuairisciú, feidhmiú agus faireachán.

[1] Féadfar an liosta ionadaithe céanna sin a úsáid chun gníomhairí sealadacha dá dtagraítear in Airteagal 2(b) de Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh a earcú agus chun gníomhairí ar conradh a earcú faoi Airteagal 3(a) de na Coinníollacha céanna sin. Féadfar an liosta ionadaithe a roinnt le gníomhaireachtaí eile de chuid an Aontais freisin, más gá sin de réir riachtanais na seirbhíse.

[2] Féadfaidh baill foirne inmheánacha atá fostaithe mar ghníomhairí sealadacha faoi Airteagal 2(f) de CEOS (grúpa feidhme AD) iarratas a dhéanamh ar bhonn an fhoilseacháin seo, a fhónann mar fhoilseachán inmheánach freisin.

- Tionscadail agus gníomhaíochtaí NLP a chur i láthair lucht féachana inmheánach agus seachtrach, chomh maith le hidirchaidreamh a dhéanamh le páirtithe leasmhara ó ranna eile (e.g. an Roinn TF, an Roinn Tacaíochta Aistriúcháin, an Roinn Aistriúcháin).
- Comhairle agus moltaí a chur ar fáil maidir le cineálacha cur chuige nuálacha chun feidhmchláir atá bunaithe ar shamhlacha teanga móra (LLManna) a úsáid.
- Freastal ar chomhdhálacha agus gníomhaíochtaí faire teicneolaíochta a dhéanamh i réimse na hintleachta saorga agus na heolaíochta sonraí a chuirtear i bhfeidhm ar ríomhaistriúchán agus ar phróiseáil teanga nádúrtha.

A. CRITÉIR ROGHNÚCHÁIN:

Chun bheith incháilithe le páirt a ghlacadh sa nós imeachta roghnúcháin seo, ní mór don iarratasóir, ar 20/03/2024, arb é an dáta deiridh le hiarratais ar líne a chur isteach ar líne, na ceanglais seo a leanas a chomhlíonadh:

(1) CRITÉIR INCHÁILITHEACHTA:

- a bheith ina náisiúnach de cheann de Bhallstáit den Aontas Eorpach;
- leibhéal oideachais is comhionann le cúrsa iomlán Ollscoile trí bliana ar a laghad arna fhianú le dioplóma a bheith acu[3];
- scileanna teanga: eolas cuimsitheach ar cheann amháin de theangacha oifigiúla an Aontais Eorpaigh (leibhéal C1 ar a laghad), agus eolas sásúil ar theanga oifigiúil eile de chuid an Aontais, ar an leibhéal is gá chun na feidhmeanna riachtanacha a dhéanamh (leibhéal B2 ar a laghad)[4].

(2) INNIÚLACHTAÍ AGUS SCILEANNA SONRACHA

a) Inniúlachtaí teicniúla riachtanacha:

- Taithí ghairmiúil chruthaithe i bpoist i réimse na ríomheolaíochta inar leagadh béim ar eolaíocht sonraí agus ar thionscadail mheaisínfhoghlama;
- Eolas maith ar líonraí néaracha agus ar theicnící agus uirlisí meaisínfhoghlama, lena n-áirítear samhlacha teanga, ailtireachtaí, méadracht, leabharlanna agus ardáin;
- Úsáid inniúil Python, nó teanga ríomhchlárúcháin chomhchosúil, agus an cumas píblínte agus feidhmchláir mhodúlacha agus inchothabhála próiseála teanga nádúrtha a chur chun feidhme;
- Eolas ar chórais Unix (e.g. Ubuntu).
- Eolas nó taithí ar chórais rialaithe leaganacha (e.g. Git);

[3] Ní chuirtear san áireamh ach dioplómaí agus teastais a bronnadh i mBallstáit AE nó lena mbaineann teastais chomhionannais arna n-eisiúint ag údaráis sna Ballstáit sin.

[4] Sainmhínítear na leibhéil de réir Chomhchreat Tagartha na hEorpa um Theangacha: Foghlaim, Teagasc, Measúnú (CEFR).

b) Inniúlachtaí inmhianaithe:

- Céim mháistreachta i réimse na ríomhtheangeolaíochta, na hintleachta saorga, na heolaíochta sonraí, na mianadóireachta sonraí, nó an tsamhaltaithe sonraí staidrimh nó i réimsí gaolmhara;
- Taithí ar chur chun feidhme an ríomhaistriúcháin agus ar shraitheanna uirlisí;
- Taithí ar chreataí meaisínfhoghlama agus ar leabharlanna (e.g. Torch);
- Taithí ar theicnící agus ar shraitheanna uirlisí próiseála teanga nádúrtha;
- Eolas nó taithí ar oibríochtaí meaisínfhoghlama, ar phíblínte CI/CD agus ar choimeádánú (e.g. Docker);
- Eolas nó taithí ar bhunachair sonraí agus ar theangacha cuardaigh (e.g. SQL);
- Eolas nó taithí ar chomhéadain feidhmchláir REST agus ar ailtireachtaí micrisheirbhísí;
- Eolas nó taithí ar phróisis chaighdeánacha maidir le mianadóireacht sonraí (e.g. CRISP-DM);
- Deimhnithe nó deimhnithe oiliúna i réimse na hintleachta saorga agus na meaisínfhoghlama;
- Foilseacháin eolaíocha i réimse na hintleachta saorga nó na próiseála teanga nádúrtha.

c) Inniúlachtaí neamhtheicniúla riachtanacha:

- Cumarsáid i scríbhinn agus ó bhéal: dea-scileanna dréachtaithe agus achoimrithe; an cumas dea-chumarsáid a dhéanamh le daoine ar gach leibhéal (inmheánach agus seachtrach) agus i dtimpeallacht ilteangach.
- Scileanna idirphearsanta: an cumas oibriú ina n-aonar agus mar chuid d'fhoireann.
- Tuiscint ar fhreagracht: discréid, rúndacht, beachtas, éifeachtúlacht, infhaighteacht, agus poncúlacht.
- Scileanna eagrúcháin: an cumas chun cúraimí éagsúla a bhainistiú agus chun tosaíochtaí a leagan síos; cur chuige críochnúil; an cumas dul ar aghaidh leat féin agus obair a dhéanamh; solúbthacht.
- Inoiriúnaitheacht: an cumas cabhrú le daoine eile agus chun obair go maith faoi bhrú; an cumas scileanna nua a fhoghlaim agus dul in oiriúint d'fhorbairtí sa timpeallacht TF.
- Ar chúiseanna oibríochtúla, meastar gur buntáiste é eolas an-mhaith ar an mBéarla (leibhéal C1) ar a laghad, chomh maith le heolas maith ar an bhFraincis (leibhéal B2 ar a laghad)[5].

Déanfar na scileanna sin a mheasúnú sa triail scríofa agus san agallamh (féach pointe B(2)(i) agus (ii) thíos).

[5] Sainmhínítear na leibhéil de réir Chomhchreat Tagartha na hEorpa um Theangacha: Foghlaim, Teagasc, Measúnú (CEFR).

B. NÓS IMEACHTA ROGHNÚCHÁIN:

(1) An chéim réamhroghnúcháin:

Cuirfear an chéim réamhroghnúcháin i gcrích ina dhá cuid:

- beidh an chéad chuid bunaithe ar na critéir incháilitheachta thuasluaite [pointe A (1)] agus is é an aidhm atá leis an gcéad chuid a dhearbhú cé acu an gcomhlíonann nó nach gcomhlíonann an t-iarratasóir na critéir incháilitheachta éigeantacha go léir agus na ceanglais fhoirmiúla go léir atá sonraithe sa nós imeachta iarratais. Diúltófar d'iarratasóirí nach gcomhlíonann na ceanglais sin;
- cuirfear san áireamh sa dara cuid de taithí ghairmiúil agus pointí eile atá luaite faoi 'Inniúlachtaí teicniúla riachtanacha' [pointí A(2)(a) agus (b)]. Déanfar an chuid seo a mharcáil bunaithe ar scála ó 0 go 20 (pasmharc: 12).

Tabharfaidh an Coiste Roghnúcháin cuireadh don chúigear duine déag iarratasóirí a n-éiríonn leo sa chéim réamhroghnúcháin agus a ghnóthaíonn na marcanna is airde chun triail scríofa agus chun agallamh a dhéanamh.

(2) An chéim roghnúcháin:

Leanann an chéim roghnúcháin an nós imeachta a ndéantar cur síos air thíos. Cuirfear an chéim seo i gcrích ina dhá cuid:

(i) Triail scríofa (i mBéarla) ina mbeidh:

- triail phraiticiúil bunaithe ar ríomhaire- chun measúnú a dhéanamh ar an eolas atá ag iarratasóirí ar shainréimsí sonraí agus ar bhainistíocht faisnéise agus eolais.

  An t-am a cheadaítear: 2 uair.

Déanfar an triail scríofa a mharcáil as 20 marc (pasmharc: 12).

Tabhair do d'aire, ní mór d'iarratasóirí arb é an Béarla a bpríomhtheanga na trialacha a dhéanamh i bhFraincis.

(ii) Agallamh leis an gCoiste Roghnúcháin chun measúnú a dhéanamh ar chumas na n-iarratasóirí na dualgais atá sonraithe thuas a chomhlíonadh. Díreofar san agallamh freisin ar shaineolas na n-iarratasóirí agus ar na hinniúlachtaí atá liostaithe faoi phointí 2(a), 2(b) agus 2(c).
Tabhair do d'aire nach dtabharfar cuireadh chun agallaimh ach do na hiarrthóirí sin a ghnóthóidh an pasmharc íosta sa triail scríofa.
Beidh an chuid is mó den agallamh i mBéarla. Is féidir go ndéanfar an t-eolas atá ag na hiarrthóirí ar theangacha eile a thástáil freisin.
An t-am a cheadaítear: thart ar 40 nóiméad.

Déanfar an t-agallamh a mharcáil as 20 (pasmharc: 12)

Déanfar an triail scríofa agus an t-agallamh i Lucsamburg ar bhonn aghaidh ar aghaidh nó ar líne. Cuirfear na rialacha mionsonraithe beachta in iúl do na hiarrthóirí in am trátha.

A luaithe a bheidh an triail scríofa agus an t-agallamh marcáilte, bunóidh an coiste roghnúcháin liosta ionadaithe d'iarratasóirí in ord aibítre. Is iad na hiarratasóirí a n-éireoidh leo ná iad siúd a mbeidh an

t-íosmhéid is gá don triail scríofa bainte amach acu agus an t-íosmhéid is gá don agallamh (féach pointí B(2) (i) agus B(2) (ii)). Ba cheart d'iarratasóirí a thabhairt dá n-aire nach gcinntítear tairiscint poist trí áit a bhaint amach ar liosta ionadaithe.

Maidir leis na hiarratasóirí sin a dtabharfar cuireadh dóibh na trialacha a dhéanamh, ní mór dóibh na doiciméid tacaíochta ábhartha a sholáthar lá an agallaimh, arb iad na doiciméid iad a chomhfhreagraíonn don fhaisnéis a cuireadh ar an bhfoirm iarratais, is é sin cóipeanna de dhioplómaí, teastais agus doiciméid tacaíochta eile ina gcruthaítear a gcáilíochtaí agus a dtaithí ghairmiúil agus ina dtaispeántar go soiléir dátaí tosaigh agus dátaí deiridh, an post agus cineál beacht a gcúraimí, etc. Más ar bhonn cianda a reáchtálfar na trialacha, féadfaidh na hiarratasóirí cóip de na doiciméid tacaíochta a iarrtar thuas a chur ar an ríomhphost chuig E-Selection@cdt.europa.eu.

Sula mbunófar an liosta ionadaithe, déanfaidh an Coiste Roghnúcháin anailís ar dhoiciméid tacaíochta na n-iarrthóirí ar éirigh leo san agallamh agus sna trialacha scríofa.

Ina theannta sin, sula bhféadfar conradh a thabhairt i gcrích, beidh ar na hiarratasóirí roghnaithe na bunchóipeanna agus cóipeanna deimhnithe de gach doiciméad ábhartha a sholáthar, ina gcruthaítear go gcomhlíonann siad na critéir incháilitheachta.

Más rud é go bhfaightear amach tráth ar bith den nós imeachta roghnúcháin nó earcaíochta, gur falsaíodh go feasach an fhaisnéis a tugadh in iarratas, dícháileofar an t-iarrthóir.
Dícháileofar iarrthóirí freisin más rud é:

- Nach gcomhlíonann siad na critéir incháilitheachta go léir ag an spriocdháta le haghaidh iarratas.
- Go dteipeann orthu na doiciméid tacaíochta riachtanacha a sholáthar.

Beidh an liosta ionadaithe bailí go dtí an 31 Nollaig 2024 agus féadfar síneadh a chur leis de rogha Údarás an Ionaid Aistriúcháin a bhfuil sé de chumhacht aige conarthaí fostaíochta a thabhairt i gcrích.

C. EARCAÍOCHT:

Ag brath ar an staid bhuiséadach, d'fhéadfaí conradh trí bliana (a bhféadfar é a athnuachan) a thairiscint d'iarratasóirí rathúla de réir Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh. Faoi réir leibhéal rúndachta na hoibre a dhéanfar, d'fhéadfaí ceangal a chur ar an iarratasóir roghnaithe iarratas ar imréiteach slándála a dhéanamh.

Earcófar na hiarratasóirí roghnaithe san fheidhmghrúpa/ag an ngrád AD5. Is ionann an buntuarastal míosúil don ghrád AD5 (céim 1) agus EUR 5 507.55. Anuas ar an mbuntuarastal, d'fhéadfadh baill foirne a bheith i dteideal liúntais éagsúla a fháil, mar shampla liúntas teaghlaigh, liúntas easaoránachta (16 % den bhuntuarastal), srl.

Lena chois sin, le bheith incháilithe agus sula gceapfar é/í, ní mór don iarratasóir roghnaithe:

- aon oibleagáidí a fhorchuirtear air/uirthi de réir an dlí a bhaineann le seirbhís mhíleata a bheith comhlíonta aige/aici;

- na riachtanais charachtair le haghaidh na ndualgas atá i gceist a chomhlíonadh (cearta iomlána mar shaoránach a bheith aige/aici)[6];

[6] Ní mór d'iarratasóirí deimhniú oifigiúil a chur ar fáil ina ndearbhaítear nach bhfuil taifead coiriúil acu.

- dul faoi scrúdú leighis a eagróidh an tIonad Aistriúcháin é d'fhonn ceanglais Airteagal 12 (2) de Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh a chomhlíonadh.

D. NÓS IMEACHTA CHUN IARRATAS A DHÉANAMH:

Ba cheart d'iarratasóirí ar spéis leo an post a n-iarratas a dhéanamh ar líne trí Systal (https://aa251.referrals.selectminds.com/?lset=en_US) laistigh den spriocdháta.

Molaimid go mór d'iarratasóirí gan fanacht go dtí na laethanta deiridh chun iarratas a dhéanamh. De réir na taithí atá againn, d'fhéadfadh sé go mbeadh brú ar an gcóras sna laethanta roimh an dáta deiridh le hiarratais a chur isteach. Dá bhrí sin, b'fhéidir go mbeadh sé deacair iarratas a dhéanamh in am.

Má bhíonn ceisteanna agat, déan teagmháil leis an Rannóg Acmhainní Daonna agus Tacaíochta Foirne ag E-Selection@cdt.europa.eu.

COMHDHEISEANNA

Is fostóir comhdheiseanna é an tIonad Aistriúcháin agus earcaíonn sé iarratasóirí beag beann ar aois, cine, creideamh polaitiúil, creideamh fealsúnach nó creideamh reiligiúnach, inscne nó gnéaschlaonadh, míchumas, stádas pósta nó staid teaghlaigh.

NEAMHSPLEÁCHAS AGUS DEARBHÚ LEASA

Beidh ceanglas ar an sealbhóir poist dearbhú tiomantais a dhéanamh chun feidhmiú go neamhspleách ar mhaithe le leas an phobail agus dearbhú a dhéanamh maidir le haon leasanna a d'fhéadfaí a mheas gur cinn iad a dhéanfadh dochar dá neamhspleáchas.

E. FAISNÉIS GHINEARÁLTA

ATHBHREITHNIÚ – ACHOMHARC – GEARÁIN

I gcás iarratasóirí a mheasann go bhfuil forais acu le gearán a dhéanamh faoi chinneadh ar leith - féadfaidh siad, ag céim ar bith den nós imeachta roghnúcháin, iarraidh ar Chathaoirleach an Choiste Roghnúcháin tuilleadh sonraí a thabhairt faoin gcinneadh sin, nós imeachta achomhairc a thionscnamh nó gearán a chur faoi bhráid an Ombudsman Eorpaigh (féach Iarscríbhinn I).

IARRATAIS Ó IARRTHÓIRÍ AR ROCHTAIN A FHÁIL AR FHAISNÉIS A BHAINEANN LEO

Tá an ceart sonrach ag iarratasóirí atá páirteach i nós imeachta roghnúcháin chun rochtain a fháil ar fhaisnéis áirithe a bhaineann leo go díreach agus go leithleach. D'fhéadfaí faisnéis bhreise a bhaineann lena rannpháirtíocht sa nós imeachta roghnúcháin a sholáthar d'iarratasóirí a dhéanfadh an iarraidh sin. Ní mór d'iarratasóirí iarratais den chineál sin a sheoladh i scríbhinn chuig Cathaoirleach an Choiste Roghnóireachta laistigh de mhí amháin ón uair a chuirtear a gcuid torthaí sa nós imeachta roghnúcháin in iúl dóibh. Seolfar an freagra laistigh de mhí amháin. Pléifear le hiarratais agus aird á tabhairt ar an rúndacht a bhaineann le himeachtaí an Choiste Roghnúcháin faoi na Rialacháin Foirne.

SONRAÍ PEARSANTA A CHOSAINT

Áiritheoidh an tIonad Aistriúcháin (mar an comhlacht atá freagrach as an nós imeachta roghnúcháin a eagrú) go ndéantar sonraí pearsanta iarratasóirí a phróiseáil mar a éilítear le Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch 39). Baineann sé sin go háirithe le rúndacht agus slándáil na sonraí sin.

Tá sé de cheart ag iarrthóirí dul ar iontaoibh an Mhaoirseora Eorpaigh ar Chosaint Sonraí tráth ar bith (edps@edps.europa.eu).

Féach an fógra príobháideachais sonrach.

IARSCRÍBHINN 1 — IARRATAIS AR ATHBHREITHNIÚ – NÓSANNA IMEACHTA ACHOMHAIRC – GEARÁIN LEIS AN OMBUDSMAN EORPACH

Ós rud é go bhfuil feidhm ag na Rialacháin Foirne maidir leis na nósanna imeachta roghnúcháin, tabhair do d'aire le do thoil go bhfuil na himeachtaí go léir faoi rún. Má mheasann iarratasóirí, ag céim ar bith den nós imeachta roghnúcháin seo, go ndearna cinneadh ar leith dochar dá leasanna, féadfaidh siad tabhairt faoin ngníomh seo a leanas:

I. IARRATAIS AR THUILLEADH FAISNÉISE NÓ AR ATHBHREITHNIÚ

- Seol litir chun faisnéis bhreise nó athbhreithniú a iarraidh agus ina mbeadh cur síos ar do chás chuig:

  Le cur faoi bhráid Chathaoirleach an Choiste Roghnúcháin CDT-AD5-2024-01

  An tIonad Aistriúcháin
  Bâtiment Technopolis Gasperich
  Oifig 3077
  12 E, rue Guillaume Kroll
  L-1882 Lucsamburg

laistigh de 10 lá féilire ón dáta a seoladh an litir inar cuireadh an cinneadh in iúl dóibh. Seolfaidh an Coiste Roghnúcháin freagra a luaithe is féidir.

II. NÓSANNA IMEACHTA ACHOMHAIRC

- Féadfar gearán a thaisceadh faoi Airteagal 90(2) de Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh, ag an seoladh seo a leanas:

  Le cur faoi bhráid an Údaráis a bhfuil sé de chumhacht aige conarthaí fostaíochta a thabhairt i gcrích

  CDT-AD5-2024-01

  An tIonad Aistriúcháin
  Bâtiment Technopolis Gasperich

  Oifig 3077
  12 E, rue Guillaume Kroll
  L-1882 Lucsamburg

Na teorainneacha ama chun an dá chineál seo de nós imeachta a thionscnamh (féach na Rialacháin Foirne arna leasú le Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1023/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 287 an 29.10.2013, lch. 15 – http://eur-lex.europa.eu/homepage.html) tosaíonn siad ón uair a thugtar fógra don iarratasóir faoin ngníomh a líomhnaítear go ndearna sé dochar dá leasanna.

Tabhair do d'aire nach bhfuil sé de chumhacht ag an Údarás atá cumhachtaithe chun conarthaí a thabhairt i gcrích aon chinneadh ó Choiste Roghnóireachta a leasú. Is é tuairim sheasta na Cúirte nach bhfuil an lánrogha leathan atá ag Coistí Roghnúcháin faoi réir a hathbhreithnithe ag an gCúirt ach amháin sa chás go ndearnadh sárú soiléir ar na rialacha lena rialaítear nósanna imeachta na gCoistí Roghnúcháin.

III. GEARÁIN LEIS AN OMBUDSMAN EORPACH

- Féadfaidh iarratasóirí gearán a dhéanamh leis an duine seo a leanas:

  An tOmbudsman Eorpach
  1 avenue du Président-Robert-Schuman – CS 30403
  F-67001 Strasbourg Cedex

de bhun Airteagal 228(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar síos i Rialachán (AE, Euratom) 2021/1163 ó Pharlaimint na hEorpa an 24 Meitheamh 2021 lena leagtar síos na rialacháin agus na coinníollacha ginearálta lena rialaítear comhlíonadh dhualgais an Ombudsman (Reacht an Ombudsman Eorpaigh) agus lena n-aisghairtear Cinneadh 94/262/CEGC, CE, Euratom (IO L 253, 16.7.2021, lgh. 1-10).

Tabhair do d'aire le do thoil nach bhfuil aon éifeacht fionraíochta ag gearáin a dhéantar leis an Ombudsman ar an tréimhse a leagtar síos in Airteagal 90(2) agus Airteagal 91 de na Rialacháin Foirne maidir le gearáin a chur isteach nó maidir le hachomhairc a chur faoi bhráid Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh faoi Airteagal 270 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh. Tabhair do d'aire freisin, faoi Airteagal 2(3) de Rialachán (AE, Euratom) 2021/1163 ó Pharlaimint na hEorpa an 24 Meitheamh 2021 lena leagtar síos na rialacháin agus na coinníollacha ginearálta lena rialaítear comhlíonadh dhualgais an Ombudsman (Reacht an Ombudsman Eorpaigh) agus lena n-aisghairtear Cinneadh 94/262/CEGC, CE, Euratom, nach mór dul i dteagmháil ar na dóigheanna cuí leis na hinstitiúidí agus leis na comhlachtaí lena mbaineann sula ndéanfar aon ghearán leis an Ombudsman.